

## Rannán Párolla

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta  
Cor na Madadh  
Áth Luain  
Co. na hIarmhí



Payroll Division  
Department of Education and Science  
Cornamaddy  
Athlone  
Co Westmeath

**Imlitir Pá 0004/2010**

# **Chuig na hÚdaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna mar aon le Scoileanna Comhphobail is Cuimsitheacha agus chuig na Príomhoifigigh Fheidhmiúcháin de gach Coiste Gairmoideachais**

## **Leasú ar Thuarastail Mhúinteoirí le héifeacht ó 1 Eanáir 2010**

1. Is mian leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta feidhmiú na rátaí tuarastail leasaithe a chur in iúl do Choistí Gairmoideachais, d'Údaráis Bhainistíochta agus do Mhúinteoirí agus a chur in iúl, freisin, go mbeidh éifeacht leo ó 1 Eanáir 2010.
2. Rinneadh na nua-rátaí tuarastail agus liúntas a tharraingt anuas de thoradh na lagduithe pá a chur i bhfeidhm san earnáil oideachais le héifeacht ó 1 Eanáir 2010 de réir an Achta 2009 (Uimh. 41 de 2009) (An "tAcht") dár teideal Gnéithe Éigeandála Airgeadais mar Shochar don Phobal.
3. De réir an Achta seo, rinneadh na lagduithe ar an mbuntuarastal a chur i bhfeidhm le héifeacht ó 1 Eanáir 2010 mar a leanas:-
  - 5% ar an gcéad €30 000 den tuarastal;
  - 7.5% ar an gcéad €40 000 eile den tuarastal;
  - 10% ar an gcéad €55 000 eile den tuarastal.
  - Tugann an fhoirmle seo lagduithe san iomlán de 5% suas le 8% ar thuarastail i gcás na dtuarastal atá suas le €125 000.
4. Rinneadh laghdú de 5% ar na liúntais sheasta atá iníoctha do dhaoine arb nach mó ná €125 000 sa bhliain an bunphá a thuilleann siad.
5. Baineann na socrúithe seo le pá agus liúntais bhunúsacha (a chuimsíonn rátaí leasaithe laethúla agus de réir na huair le haghaidh múinteoirí páirtaimseartha ocáideacha agus neamh-ocáideacha san earnáil bhunoideachais mar aon le rátaí leasaithe de réir na huair le haghaidh múinteoirí páirtaimseartha ocáideacha agus neamh-ocáideacha san earnáil iarbhunoideachais) agus tá siad leagtha amach sa sceideal a ghabhann leis an Imlitir seo agus go bhféadfaí teacht air i láithreán greasáin na Roinne seo ag [www.education.ie](http://www.education.ie) faoi Education Personnel/Payroll.
6. Iarrtar ar Choistí Gairmoideachais agus ar Údaráis Bhainistíochta aird na múinteoirí sna scoileanna agus aird na mball ar na Boird Bhainistíochta a dhíríú ar ábhair na hImlitreach seo agus ar an sceideal.

P. Maloney,  
Príomh-Oifigeach.  
Feabhra 2010.

[Rates applicable to personnel appointed prior to 1 January 2011](#)